

Éirí Amach 1798

Réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois

Príomhthoradh Foghlama:
2.3 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag traidisiún na láimhe láidre ar pholaitíocht na hÉireann, agus béim ar leith ar réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois.

Torthaí Foghlama Ábhartha Eile: 1.2, 1.3, 1.5, 1.10

Réamhcheacht

1. Féach siar ar 'Aistear Ama', agus liostaigh trí iarmhairt a bhain leis na plandálacha in Éirinn.
2. Tabhair ceithre rud ba chúis le Réabhlóid Mheiriceá.
3. Tabhair dhá iarmhairt a bhí ar Réabhlóid Mheiriceá.
4. Ar chuala tú trácht ar na daoine seo riamh – Theobald Wolfe Tone, Robert Emmet, Henry Joy McCracken, Michael Dwyer? Déan taighde orthu.

An Ghramadach

	Uatha	Iolra
réabhlóid	an réabhlóid	na réabhlóidí
Tuiseal Ainmneach	bhí an réabhlóid éifeachtach	bhí na réabhlóidí éifeachtach
Tuiseal Tabharthach	tháinig deireadh leis an réabhlóid	tháinig deireadh leis na réabhlóidí
Tuiseal Ginideach	tús na réabhlóide	tús na réabhlóidí

Cad a chiallaíonn traidisiún na láimhe láidre (tradisiún an fhórsa fhisiciúil) i stair na hÉireann?

Is éard atá i gceist leis an téarma 'traidisún na láimhe láidre' ná iarrachtaí na ndaoine foréigean a úsáid chun deireadh a chur le riail na Breataine in Éirinn. Tharla sé sin minic go leor ó aimsir na bplandálacha ar aghaidh nuair a d'eagraigh na hÉireannaigh éirí amach. Sa chaibidil seo, beimid ag féachaint ar Éirí Amach 1798.

Réabhlóidí in Éirinn roimh an 20ú haois

1641	Éirí amach na nGael agus na Sean-Ghall i gcoinne na bplandóirí.
1689-91	Cogadh an Dá Rí – Liam Oráiste agus Séamus II ag troid ar son na corónach. Tharla Cath na Bóinne i rith an chogaidh sin.
1798	Éirí Amach na nÉireannach Aontaithe – an chéad iarracht poblacht a bhunú in Éirinn
1803	Éirí Amach Robert Emmet – teip iomlán a bhí ann
1848	Éirí Amach na nÉireannach Óg – teip iomlán a bhí ann
1867	Éirí Amach na bhFíníní – teip iomlán a bhí ann

An Ghramadach

Ainmfhocal	Uatha	Iolra
coróin (baininscneach)	an choróin	na corónacha
tuiseal ainmneach	tá an choróin go hálainn	tá na corónacha go hálainn
tuiseal tabharthach	tá seoda ar an gcoróin	tá seoda ar na corónacha
tuiseal ginideach	ag troid ar son na corónach (fighting for the crown)	ag troid ar son na gcorónacha

Cúiseanna leis an Réabhlóid



Fiosrú Focal

Féach ar na focail thíos. An bhfuil focail cosúil leo le fáil in aon teanga eile? Mura n-aithníonn tú na focail, bris síos i bhfocail níos lú iad.

poblacht	deachú	foréigean	tionónta	ball/baill
poblachtachas	rún	foréigneach	cumann rúnda	bochtaineacht
aontú	aontaithe	comhionann	cearta comhionanna	

Bhí a lán cúiseanna leis an éirí amach in Éirinn sa bhliain 1798. Is féidir na cúiseanna sin a roinnt idir cúiseanna fadtéarmacha agus cúiseanna gearrthéarmacha.

Foclóir

na Péindlíthe: *Penal Laws*
talamh a fháil le hoidhreacht: *to inherit land*
an Chinsealacht Phrotastúnach: *the Protestant Ascendancy*
cumhacht na Cinsealachta Protastúnaí: *power of the Protestant Ascendancy*
daoine a bhain tairbhe as an tréimhse: *people who benefitted from the period*
ba shliocht na saighdiúirí iad: *they were descendants of the soldiers*

Cúiseanna Fadtéarma

Na Péindlíthe 1695: I measc na n-iarmhairtí ba mhó a bhí ar Chogadh an Dá Rí (1689-1691), bhí na Péindlíthe. Chuir na dlíthe seo srianta ar chearta na gCaitliceach agus na bPreispitéireach. Thug siad tús áite do dhaoine a bhí ina mball d'Eaglais na hÉireann. Ní raibh cead ag Caitlicigh vótáil, seasamh don pharlaimint i mBaile Átha Cliath, ná gunnaí a bheith acu. Ní raibh cead ag Caitlicigh a bheith ina saighdiúirí, múinteoirí, dochtúirí, sagairt ná dlíodóirí. Ní raibh cead acu oideachas a fháil, ná ní raibh cead acu talamh a cheannach ná a fháil le hoidhreacht. Ní raibh cead ag daoine an Ghaeilge a úsáid i gcásanna cúirte. Ceanglaíodh an Ghaeilge le bochtaineacht i meon na ndaoine.

Cumhacht na Cinsealachta Protastúnaí: An t-aon ghrúpa a bhain buntáiste as an tréimhse seo ná an Chinsealacht Phrotastúnach – ba shliocht na saighdiúirí a tháinig go hÉirinn i rith na bplandálacha iad. Ba leo formhór na talún (timpeall ar 90% faoi 1750). Thóg siad tithe breátha agus d'éirigh siad saibhir ar an gcíos a ghearr siad ar na tionóntaí a bhí acu.

An Deachú: D'éirigh Eaglais na hÉireann saibhir ar an deachú 10% (cáin), a bhailigh siad ó gach duine, ba chuma cén creideamh a bhí aige. Chuir sé sin fearg mhór ar na Preispitéirigh agus ar na Caitlicigh.

Cumainn Rúnda: Is sa chomhthéacs seo a tháinig cumainn rúnda, m.sh. na Buachaillí Bána, chun cinn. Ba ghrúpaí iad a chuaigh timpeall na tíre ag scriosadh ainmhithe agus barr na dtiarnaí nó ag marú daoine a raibh baint acu leo. Bhain tábhacht mhór le baill na gcumann seo mar dhaoine a bheadh sásta troid in aon réabhlóid a tharlódh in Éirinn i gcoinne na Breataine.

Cúiseanna Gearrthéarmacha

Tionchar Réabhlóid Mheiriceá: Tar éis Réabhlóid Mheiriceá, ní raibh an Bhreatain ag iarraidh go gcaillfeadh sí codanna eile dá himpireacht. Dá bharr sin in 1782, tugadh níos mó cumhachta don pharlaimint Phrotastúnach i mBaile Átha Cliath. Ní raibh cead vótála ag Caitlicigh ná Preispitéirigh áfach, go dtí gur tugadh an tAcht Faoisimh (1793) isteach. Ní raibh cead ag Caitlicigh suí sa pharlaimint i mBaile Átha Cliath fós áfach.

Tionchar Réabhlóid na Fraince: Sa bhliain 1789, bhris réabhlóid amach sa Fhrainc, agus níorbh fhada go raibh port na réabhlóide sin – liberté, égalité, fraternité – á chasadh mórthimpeall na hEorpa. I measc na ndaoine a fuair inspioráid uaidh, bhí dlíodóir óg Protastúnach ó Bhaile Átha Cliath darbh ainm Theobald Wolfe Tone. Scríobh sé paimfléad sa bhliain 1791 dar teideal 'An argument on behalf of the Catholics of Ireland' inar cháin sé an tslí nach raibh cearta vótála ag Caitlicigh. Rinne sé comparáid fosta le Caitlicigh na Fraince a raibh cearta vótála acu.

Bunú na nÉireannach Aontaithe: In 1791, tháinig Wolfe Tone agus grúpa Preispitéireach radacach le chéile i mBéal Feirste chun grúpa nua a bhunú – na hÉireannaigh Aontaithe. Theastaigh ó na hÉireannaigh Aontaithe (i) muintir na hÉireann a aontú, (ii) cearta comhionanna a bheith ag gach creideamh, agus (iii) poblacht a bhunú in Éirinn. Scaipeadh na smaointe a bhí acu sa nuachtán a bhunaigh siad, 'Northern Star'.

Éire mar chúldoras arís? In 1793, chuir na Francaigh an rí Louis XVI chun báis agus bhris cogadh amach idir an Fhrainc agus cumhachtaí móra na hEorpa. Níorbh fhada gur sheol na Francaigh spiairí go hÉirinn chun fáil amach an bhféadfaí Éire a úsáid mar chúldoras chun ionsaí a dhéanamh ar an mBreatain.

Cosc ar na hÉireannaigh Aontaithe: Theith Tone go Meiriceá tar éis ghabháil an spiaire William Jackson, agus chuaigh na hÉireannaigh Aontaithe faoi cheilt. Atheagraíodh é mar chumann rúnda faoi mhionn.

Foclóir

an tAcht Faoisimh: *the Relief Act*
spiaire, spiairí: *spy, spies*
theith sé: *he fled*
liberté, égalité, fraternité: *saoirse, comhionannas, bráithreachas*
cumann rúnda faoi mhionn: *oath-bound secret society*



Tá mana Réabhlóid na Fraince le feiceáil ar a lán foirgneamh sa Fhrainc sa lá atá inniu ann.


Theodore Wolfe Tone

I dTreo Réabhlóide

'The French are in the bay'
Níor fhan Tone i bhfad i Meiriceá, áfach, agus tar éis roinnt míonna, chuaigh sé go dtí an Fhrainc chun cabhair mhíleata a fháil. Chuir rialtas na Fraince 43 long, 15,000 saighdiúir agus an Ginearál Lazare Hoche ar fáil do na hÉireannaigh Aontaithe. D'eagraigh siad dáta go dtiocfadh na fórsaí Francacha i dtír i mí na Nollag 1796, ach chruthaigh na stoirmeacha fadhbanna móra ar an gcósta. Mar thoradh air sin, theip ar fhórsaí Hoche teacht i dtír ag Bá Bheanntraí i mí na Nollag 1796.


Dealbh den Ghinearál Lazare Hoche sa Fhrainc. Ba dhuine de laochra Réabhlóid na Fraince é.

Cén freagra a bhí ag Rialtas na Breataine ar theip Bhá Bheanntraí?
Chuir sé eagla mhór ar rialtas na Breataine nár chuir aon rud seachas stoirm stop le hionradh na bhFrancach ar Éirinn. Mar thoradh air sin, chinn rialtas na Breataine feachtas uafáis a chur ar siúl in Éirinn, in Ulaidh ach go háirithe. An Ginearál Lake a bhí i gceannas air sin. Bhain fórsaí Lake úsáid as an lámh láidir, mar shampla leathchrochadh agus an caipín píce, chun eolas a fháil ó ghnáthdhaoine.

Chuir rialtas na Breataine spiairí sna hÉireannaigh Aontaithe, mar shampla Thomas Reynolds (ar dheartháir céile le Wolfe Tone é). Sceith Reynolds, agus baill eile de na hÉireannaigh Aontaithe, cuid mhaith de na pleananna a bhí acu.



Léiriú ar an gCaptaen Swayne ag cur caipín píce ar dhuine sa Chorrchoill, Co. Chill Dara (Tógtha ó The Irish Magazine, Feabhra 1810).

Rinneadh 'leathchrochadh' (céasadh) ar Croppies, chun eolas a fháil uathu.

Cuireadh caipín píce orthu freisin. Caipín, ina raibh tarra te agus púdar gunna, brúite síos ar chloigeann na gCroppies ab ea é. Cuireadh trí thine ansin é.

An bhfuil a fhios agat?

Tugadh an leasainm 'croppies' ar na reibiliúnaigh mar thoradh ar an ngruaig ghearr a bhí orthu. B'aithris é sin ar an stíl ghruaige a bhí ag reibiliúnaigh i rith Réabhlóid na Fraince. Bhíodh gruaig fhada ar uasaicme na Fraince.

Foclóir

Bá Bheanntraí: ***Bantry Bay***
feachtas uafáis: ***a campaign of terror***
an lámh láidir: ***violence***
caipín píce: ***pitch cap***
rinneadh céasadh orthu: ***they were tortured*** **agus é á ghabháil:** ***while he was being arrested***
an choróin: ***the crown***

Cúrsa na Réabhlóide

Fadhbanna Tosaigh

Faoi Mhárta 1798, bhí an Tiarna Edward Fitzgerald – duine de na ceannairí ba mhó cáil sna hÉireannaigh Aontaithe – den tuairim go raibh thart ar 280,000 Éireannach Aontaithe armtha ar fud an oileáin. Shíl sé nár chóir dóibh fanacht níos faide ar chabhair na bhFrancach don éirí amach. Gabhadh é, áfach, roimh thús na réabhlóide, mar thoradh ar eolas a sceith Reynolds. Gortaíodh go dona é agus é á ghabháil agus fuair sé bás. In ionad sraith réabhlóidí a eagrú ar aon oíche amháin, mar a bhí beartaithe, bhris na hÉireannaigh amach diaidh ar ndiaidh agus d'éirigh leis na Cótaí Dearga an bua a fháil orthu gan mórán dua, m.sh. na héirithe amach in Aontroim faoi Henry Joy McCracken agus i gContae an Dúin faoi Henry Monroe.

An tÉirí Amach i Loch Garman

Eisceacht ab ea Loch Garman. D'éirigh leis na reibiliúnaigh (na croppies) an tAbhallort, Inis Córthaidh agus Baile Loch Garman a fháil. Bhí an tAthair John Murphy, agus Bagenal Harvey, mar cheannairí orthu.

Bhuail na Cótaí Dearga na reibiliúnaigh go dona ag Ros Mhic Thriúin. An freagra a bhí ag roinnt de na reibiliúnaigh air sin ná Protastúnaigh an cheantair a bhailiú le chéile i scioból.



Dealbh comórtha in Inis Córthaidh, 'An Sagart agus an Tuathánach'.



An fear píce, dealbh d'Éirí Amach 1798, i lár bhaile Loch Garman. Tá dealbha mar sin le feiceáil ar fud na hÉireann. Níor shaighdiúirí gairmiúla iad na fir a throid leis na hÉireannaigh Aontaithe. Den chuid ba mhó, ba oibrithe feirme iad agus d'úsáid siad a n-uirlisí feirmeoireachta, leithéidí an píce, mar uirlisí cogaidh.

Foclóir

an tAbhallort, sráidbhale i Loch Garman: *Oulart*
Inis Córthaidh: *Enniscorthy*
Ros Mhic Thriúin: *New Ross*
sa scioból: *in the barn*
Scolbóg, baile i Loch Garman: *Scullaboge*
Cill Mhantáin: *Wicklow*

Chuir siad an scioból trí thine ansin. Dódh suas le 200 duine ina mbeatha san eachtra sin. Chuaigh roinnt de na reibiliúnaigh i bhfolach i sléibhte Chill Mhantáin ach ghéill a bhformhór tar éis míosa.

Teacht na bhFrancach 1798

I mí Lúnasa 1798, tháinig na Francaigh, ach bhí sé ródhéanach faoin am sin. Ba é an Ginearál Humbert an ceannaire a bhí ar an 1000 saighdiúir a tháinig i dtír i gCill Ala i gContae Mhaigh Eo. D'éirigh leo teacht chomh fada le Béal Átha na Muc i gContae an Longfoirt, áit a raibh bua ag fórsaí na corónach orthu gan mórán dua.

I mí Dheireadh Fómhair, tháinig grúpa eile ón bhFrainc. 3,000 saighdiúir a bhí ann an uair seo, agus Wolfe Tone leo, ach bhí bua ag cabhlach na Breataine ina gcoinne i Loch Súilí. Gabhadh Tone, agus chuirfí chun báis é, ach gur chuir sé lámh ina bhás féin sula raibh seans ag na Briotanaigh é a dhéanamh.

Foclóir

Cill Ala, Co. Mhaigh Eo: *Killala, Co. Mayo*
Béal Átha na Muc: *Ballinamuck*
fórsaí na corónach: *the crown forces*
Loch Súilí, Dún na nGall: *Lough Swilly*

Cén fáth nár éirigh le Réabhlóid 1798?

Feachtas uafáis in Ulaidh, 1797

Spiairí i measc na nÉireannach Aontaithe

Fitzgerald agus ceannairí eile gafa roimh thús na réabhlóide

Níos éasca fáil réidh le réabhlóidí beaga seachas le héirí amach mór

Tacaíocht á cailleadh tar éis an mhéid a tharla i Scolbóg

Francaigh ródhéanach

Iarmhairtí an Éirí Amach

Líon ard básanna: Meastar go bhfuair breis is 30,000 duine bás sna cathanna a tharla in Éirí Amach 1798. Ba ghnáthdhaoine iad a bhformhór.

Teannas idir na creidimh: Theip glan ar aidhm na nÉireannach Aontaithe Protastúnaigh agus Caitlicigh a thabhairt le chéile. Chuir an sléacht i Scolbóg alltacht ar Phrotastúnaigh agus Preispitéirigh, orthu siúd i dtuaisceart na tíre ach go háirithe. D'éirigh siad buartha faoi na nithe a d'fhéadfadh tarlú dá mbainfeadh Éire neamhspleáchas amach. Dá bhrí sin, thug siad a lán tacaíochta do rialtas na Breataine.

Acht an Aontais: Tar éis éirí amach 1798, ní raibh rialtas na Breataine sásta a thuilleadh go mbeadh parlaimint i mBaile Átha Cliath. Rith siad Acht an Aontais 1801, rud a chiallaigh gur dúnadh an pharlaimint Phrotastúnach i mBaile Átha Cliath agus gur cuireadh riail dhíreach ó Shasana i bhfeidhm. Uaidh sin ar aghaidh, bhí an pharlaimint in Westminster i gceannas go huile is go hiomlán ar chúrsaí na hÉireann. Bhí ar Theachtaí Dála na hÉireann freastal ar Westminster, Sasana.

Fás an traidisiúin pharlaimintigh agus an náisiúnachais bhunreachtúil: Mar thoradh ar an líon ard daoine a fuair bás in Éirí Amach 1798, bhí amhras ar dhaoine faoin bhforéigean. Dá bharr sin, tháinig an náisiúnachas bunreachtúil go mór chun cinn sa 19ú haois. Bhain na daoine úsáid as an bpolaitíocht, in áit a bheith ag iarraidh éirí amach a eagrú. D'éirigh leis an bpolaiteoir Dónall Ó Conaill tuilleadh cearta a fháil do na Caitlicigh in 1829.

Foclóir

- **chuir sé alltacht orthu:** *it shocked them*
- **na nithe a d'fhéadfadh tarlú:** *the things that could happen*
- **Acht an Aontais:** *Act of Union*
- **Teachta/Teachtaí Dála:** *member(s) of parliament*

Foclóir

- **an traidisiún parlaiminteach:** *parliamentary tradition*
- **náisiúnachas bunreachtúil:** *constitutional nationalism*
- **bhí amhras ar dhaoine:** *people were suspicious*

1798 i gcuimhne na ndaoine: Cumadh roinnt mhaith amhrán faoin méid a tharla san éirí amach, mar shampla 'An Spailpín Fánach', 'Bacach Shíle Andaí', 'Sliabh na mBan' agus 'An tSeanbhean Bhocht'. Nuair a bhí comóradh céad bliain an éirí amach ar siúl in 1898, scríobh Patrick Joseph McCall na hamhráin 'Boolavogue' agus 'Kelly the Boy from Killane' faoinar tharla i Loch Garman.



An bhfuil a fhios agat?

Is ó Éirí Amach 1798 a thagann an frása 'Beidh lá eile ag an bPaorach'. Ba iadsan na focail dheireanacha a tháinig ó bhéal Éamoinn de Paor, fear ó Phort Láirge a crochadh as an ról a bhí aige san éirí amach.

Bileog Oibre

Súil Siar

Féach ar an tábla thíos atá roinnte ina thrí chuid. Roghnaigh dath amháin do gach teideal. Úsáid an dath sin chun na focail a bhaineann leis an teideal sin a dhathú. Tá ceann amháin déanta mar shampla duit.

Cúiseanna leis an réabhlóid	Cúrsa na réabhlóide	Iarmhairtí na réabhlóide
30,000 marbh	Scolbóg	deachú
McCracken agus Monroe	na Péindlíthe	teacht chun cinn Dhónaill Uí Chonaill
'An argument on behalf of the Catholics of Ireland'	Acht an Aontais	na Francaigh i gCill Ala
Tone ag Loch Súilí	tionchar Réabhlóid Mheiriceá	Harvey agus Murphy
amhráin chomórtha	imní ar Phrotastúnaigh	bunú na nÉireannach Aontaithe agus cosc orthu

1. Déan taighde ar an ról a bhí ag duine amháin de na daoine seo a leanas i Réabhlóid Mheiriceá – bhí ról acu níos déanaí in imeachtaí 1798 fosta. (i) an Gineárál Gerard Lake, (ii) an Tiarna Edward Fitzgerald, (iii) Thomas Small, (iv) an Gineárál Charles Cornwallis, (v) Frederick Rawdon Hastings, (vi) Richard St George Mansergh St George.
2. Déan taighde ar ról na mban in imeachtaí 1798. Roghnaigh duine amháin de na mná seo agus déan taighde uirthi: (i) Anne Devlin, (ii) Mary Leadbeater, (iii) Lady Louisa Conolly, (iv) Lady Lucy Fitzgerald, (v) Mary Ann McCracken, (vi) Matilda Tone.



Anne Devlin, bean tí/ comhghleacaí Robert Emmet.

Ag obair le foinsí

Foinse A: Staffordshire Advertiser, 24 Márta 1798.

'The Dublin mails, which became due yesterday and this day, did not arrive; but two Waterford mails have come to hand. By these we find that the spirit of disaffection continues to rage in various parts of the South with increased violence. The dread of an open insurrection has become general throughout the country, and many families have already emigrated, to escape the dreadful consequences of the expected calamity. Two vessels, having on board a great number of respectable persons, chiefly ladies and their children, sailed from Youghal, in the county of Cork, about the middle of last week, and letters from Bristol inform us of the safe arrival of those affrighted Emigrants at that port. Many others are preparing to follow their example.'

1. Cén léiriú a thugann Foinse A ar na deacrachtaí cumarsáide a bhí ag muintir na Breataine agus muintir na hÉireann san 18ú haois maidir le nuacht chruinn a fháil?
2. Cén cur síos a dhéantar ar na daoine a bhí ag teitheadh ó Éirinn? Luaigh dhá phointe ar a laghad.

Foinse B: Is iontráil dialainne é seo a scríobh bean Phrotastúnach, Jane Adams, i Loch Garman in aimsir na réabhlóide in 1798.

Summerseat, Co. Wexford, May, 1798.	Summerseat, Co. Loch Garman. Bealtaine, 1798.
My dear Friend, I fear we are in a most alarming situation. We have just had dreadful accounts from Naas—the rebels have defeated and killed Captain Swayne, of Youghal. Nancy Owen, in a letter of this day, says, that there are hundreds giving up fire-arms and pikes; but notwithstanding the country wears a most alarming appearance. My father laughs at the idea of danger; but I strongly suspect we are surrounded by rebels and spies. Yesterday, rather a genteel looking man came up the lawn to me, and said he wished much to have the pleasure of instructing a few young ladies in geography, and begged I would allow him to teach my family. I told him my daughters were too young, and that I did not think he was likely to get any pupils in the neighbourhood. This day, as I was walking in the shrubbery near the road, I looked out, on hearing a number of horses, and saw the same young man under an escort going to jail, from information sent to Mr. Boyd by government. There was found upon him a plan of all our houses, the names and number of the inhabitants, and a copy of Paine's 'Age of Reason'. Mrs. Harvey, our near neighbour, has got a guard to sleep at Killeen Castle; we supped with her last night.	A chara dhil, Tá eagla orm go bhfuil cás scanrúil ag bagairt orainn. Tá cuntais uafásacha faighte againn ó Nás na Rí – fuair na reibliúnaigh an ceann ab fhearr ar an gCaptaen Swayne (arbh as Eochaill dó) agus mharaigh siad é. I litir inniu, deir Nancy Owen go bhfuil a ngunnaí agus a bpíceanna fágtha ina ndiaidh acu ag na céadta, ach, mar sin féin, tá cuma na héigeandála ar an tír faoi láthair. Bíonn m'athair ag gáire faoi chontúirt, ach creidim go bhfuil reibiliúnaigh agus spiairí mórthimpeall orainn. Tháinig fear chugam inné, a raibh cuma ghalánta air, agus dúirt sé go raibh sé de mhian aige ranganna tíreolaíochta a thabhairt do roinnt mná óga agus d'impigh sé orm ligean dó ranganna a thabhairt do mo chlann. Dúirt mé leis go raibh m'iníonacha ró-óg agus nár cheap mé go n-éireodh leis teacht ar dhaltaí sa chomharsanacht. Inniu, agus mé ag siúl sa rosán in aice an bhóthair, d'fhéach mé amach tar éis dom roinnt capall a chloisteáil agus chonaic mé an fear óg céanna agus é á thionlacan go dtí an príosún, mar thoradh ar eolas a chuir an rialtas chuig Mr. Boyd. Thángthas ar phlean dár dtithe uilig, ainmneacha agus líon na ndaoine a raibh cónaí orthu i ngach teach agus cóip de 'The Age of Reason'* le Paine. Tá ár gcomharsa Mrs. Harvey tar éis garda a fháil chun an oíche a chaitheamh ag Caisleán an Chillín, d'itheamar suipéar léi aréir.

Nóta mínithe:
Is leabhar é 'The Age of Reason' le Thomas Paine, a scríobh sé i rith réabhlóid na Fraince, agus inar léiríodh meon diúltach i leith an Bhíobla.

1. Cén fhianaise a bhí ag údar Fhoinse B go raibh reibiliúnaigh agus spiairí mórthimpeall uirthi?
2. Is iontráil dialainne é Foinse B. Tabhair láidreacht amháin agus laige amháin a bhaineann le foinse den sórt sin.
3. Cén fhoinse nuachta a luann údar Fhoinse B maidir le cúrsa an éirí amach?
4. Cén ról a bhí ag Thomas Paine i Réabhlóid Mheiriceá?

Foinse C: Seo véarsa as amhrán dar teideal 'An Spailpín Fánach' ('The Landless Labourer'/'The Wandering Labourer'). Is iomaí leagan den amhrán atá ann. Bhíodh an t-amhrán seo á chanadh ar feadh i bhfad sular scríobhadh síos é. Is leagan é seo a bailíodh i dTiobraid Árann timpeall na bliana 1864.

An Spailpín Fánach

Go Callainn seo thíos aríst ní rithfead
Im scaoinse ar leataoibh sráide,
Ar mhargadh na saoire im shuí cois balla
Ag díol trí chuid dem shláinte!
Glacfaidh mise *fees* ó Rí na Croppies,
Cleath is *pike* ann sáite –
Is 'á dtiocfadh na Francaigh chughainn thar caladh
Sin cabhair aige an Spailpín Fánach!

Foclóir

Callainn, baile i gContae Chill Chainnigh: *Callan*
ní rithfead, ní rithfidh mé
i mo scaoinse, i mo learaire/sreangaire/cuaille: duine ard tanaí
margadh na saoire: aonach ag ar tugadh poist amach do lucht oibre
an chleath/an tsleá: *the spear*
thar caladh, thar farraige: *across the sea*

Foilsithe in *Duanaire Thiobraid Árann* le Dáithí Ó hÓgáin (An Clóchomhar, 1981), lch 45.

1. Cérbh iad na 'Croppies'?
2. Cad iad na huirlisí troda a d'úsáidfeadh an spailpín?
3. Céard a dhéanfaidh an spailpín nuair a thiocfaidh na Francaigh?
4. Cé mhéad focal Béarla atá sa véarsa seo? Céard a thugann sé sin le fios duit faoin úsáid teangacha in Éirinn i measc na ngnáthdhaoine ag an am?
5. Cén saghas foinse é amhrán?
6. An foinse phríomha é an t-amhrán seo faoi Éirí Amach 1798? Mínigh do fhreagra.